

Marbhna ar Mhuiris mac Briain Óig
Uí Mhaoil Chonaire (1664)



Eoin Mac Cárthaigh

Celtica 37 (2025), 304–327

DOI: 10.58480/SCS-4b6ax-nt9zw

DIAS

Institiúid Ard-Léinn | Dublin Institute for
Bhaile Átha Cliath | Advanced Studies



© School of Celtic Studies, Dublin Institute for Advanced Studies.

This work is licensed under CC BY-NC 4.0. To view a copy of this
license, visit <https://creativecommons.org/licenses/by-nc/4.0/>

MARBHNA AR MHUIRIS MAC BRIAIN ÓIG UÍ MHAOIL CHONAIRE
(1664)¹

ACHOIMRE

The anonymous poem beginning *Damhna eólchaire éag Mhuiris* is an elegy on Muiris (son of Brian Óg son of Brian) Ó Maoil Chonaire of Co. Roscommon, whose death it dates to 1664. It gives an insight into the life and perceived role of a late practitioner of traditional Irish learning. An edition from Royal Irish Academy manuscript C iv 1 (540) is accompanied by a translation into English, a commentary on the text and a discussion of the language of the poem, which reflects its composition at the very end of the ‘bardic’ period.

RÉAMHRÁ

IS É ATÁ ANSEO eagrán de *Damhna eólchaire éag Mhuiris*, marbhna ar Mhuiris Ó Maoil Chonaire (mac Briain Óig mhic Bhriain mhic Mhaoilín mhic Thorna). De réir an dáin, bhí cónaí ar Mhuiris i gCluain Seancha (atá i gCo. Ros Comáin) agus fuair sé bás sa bhliain 1664. Maireann roinnt dánta a chum sé féin. Gheofar tuilleadh mionsonraí faoi sa réamhrá le Mac Cárthaigh 2003 agus (in ábhair a bhaineann go díreach leis an dán seo) sna nótaí thíos ar an téacs.

Moltar Muiris anseo as a thréithe pearsanta, as bheith flaithiúil (rainn 5–6, 30 srl.), as a mhaitheas (8, 31), as a chráifeacht (líne 9a), as teach oscailte a choinneáil (23–4) agus, thar aon ní eile, moltar mar fhear léinn é: bhí sé ina cheannaire ar an lucht léinn, deirtear linn (14c); bhí sé in ann ag filí eile (9c) agus chuaigh sé i gcion ar eolaigh (9d); ba scríbhneoir é agus léitheoir leabhar dorchá (16a), saineolaí ginealais (16c), cláirseoir (25cd), fáidh (4c), saoi (14c, 22d), ollamh (4b, 14a, 24d), file (4c, 21d), fear dána (25a) agus seanchaí (25a). Insítear dúinn go raibh meas ag Gall agus Gael air (10, 32), gur chomhairleoir ag na Connachtaigh é (18), nach maireann a leithéid anois (3c, 27) agus go bhfuil neamh tuillte aige (7). Cailliúint agus cúis bhróin is ea a bhás d’uaisle na hÉireann ar fad (4d), d’uaisle Chonnacht (11–12, 17), do na Gaeil (35) agus do na Gearaltaigh (13); an dream is brónaí faoi ná muintir Mhaoil Chonaire (19–21), a bhfuil ceannaire caillte acu (2c, 19b, 20c), agus tá an file féin croíbhriste (37).

¹Táim buíoch de bhaill Ghrúpa Léitheoireachta Philíocht na Scol (faoi stiúir Emmet de Barra), a léigh an dán seo le chéile i dTéarma na Féile Míchil 2022. Táim faoi chomaoín mhór ag Damian McManus, Emmet de Barra agus Ciara Ní Mhurchú, a mhol leasúcháin éagsúla ar dhréachtaí den eagrán. Mo bhuíochas freisin le heagarthóirí *Celtica* agus leis an léitheoir scolártha cineálta a cheap siad. Mé féin faoi deara gach earráid.

Faighimid sonraí beathaisnéise ar leith faoi Mhuiris fosta: insítear bliain a bháis dúinn (36); tugtar a líne ghinealais siar chomh fada le seanathair a sheanathar (3ab); ainmnítear a mháthair, Gráinne (16b); deirtear linn go raibh bean agus páistí aige (26ab), go raibh cónaí air i gCluain Seancha (23b), gur i gCill Trostáin a cuireadh é (29–30) ach gur in Ail Finn a chuirfí é dá mbeadh neart air sin (33–4).² Díol suntais is ea an bhéim a chuireann an file ar an bpointe deireanach seo, agus is léir go raibh sé an-oibrithe faoin *trasgairt* a rinneadh *le trén na nGall* (34b) ar áit adhlactha shinseartha an teaghlaigh in Ail Finn.

Ní ainmnítear an file sa lámhscríbhinn, ach tugann sé le fios go soiléir (i rann 21, mar shampla) gur dhuine de mhuintir Mhaoil Chonaire é, agus ba mhac le Muiris é má bhaintear ciall litriúil as *mh'athair* (líne 4a).

LÁMHSCRÍBHINN

Tá an dán in eagar anseo ón aon chóip amháin di a tháinig anuas chugainn go bhfios dom. Tá sí sin léi féin ar dhá thaobh fóilió gan uimhriú atá idir fóiliónna 208 agus 209 de LS Acadamh Ríoga na hÉireann C iv 1 (540) (cuid d) anois. Is le greamán beag a chuirfeadh stampa poist i gcuimhne do dhuine atá an fóilió seo arna cheangal leis an gcuid eile den LS. Níl aon bhaint ag an dán leis an ábhar roimhe agus ina dhiaidh i gcuid (d) den LS. Deir an catalógai, Caitilín Ní Maol-Chróin, go bhfuil sé arna scríobh ‘by a different hand from that which wrote surrounding folios’ (*Cat. ARÉ*, lch 1680) agus ‘by an early hand resembling the O’Mulconry hand in section (a) and not earlier than 1664 as this date occurs in text transcribed’ (*Cat. ARÉ*, lch 1672); tuairimíonn sí san áit chéanna gur thart ar an mbliain 1692 a grafadh cuid (a). Ó thaobh ábhair de, is gaire i bhfad an dán atá in eagar anseo do chuid (c) den LS, ina bhfuil dánta le Muiris féin agus marbhna (Ó Muireadhaigh 1974) ar fhear gaoil leis, Muiris mac Torna Uí Mhaoil Chonaire, a fuair bás sna 1640idí.

MODH EAGARTHÓIREACHTA

Mé féin faoi deara poncaíocht, ceannlitriú, scaradh focal agus suíomh sintí fada taobh istigh de shiollaí. Tá noda arna scaoileadh i gcló iodálach. Tá macrain arna n-úsáid le sintí fada nach bhfuil sa LS a chur ar fáil. Uaimse litreacha idir lúibíní cearnacha. I gcás athruithe eile, gheofar léamha LSe ag bun an leathanaigh. Coinníodh ortagrafaíocht na LSe oiread agus a d’fhéadfaí, mar a phléifear thíos.

MEADARACHT

Den chuid is mó, cloítear i leagan na LSe den dán leis na rialacha do shéadna (dán díreach). An chorráit a dtéitear uathu siúd, go hiondúil is leor sleamchúis sa seachadadh mar mhíniú air sin agus mionleasú mar réiteach air. I gcúpla áit, áfach, tá an chosúlacht air gurbh é an file féin a sháraigh an riail.

²Is i gCo. Ros Comáin atá na háiteanna seo uile (féach thíos).

Ag tosú le deacrachtaí ar dócha gur botúin nó eagarthóireacht a rinne scríobhaí is cúis leo, tá roinnt línte ró-ghearr nó ró-fhada i leagan na LSe; tá mioncheartúcháin déanta agam i línte 17d agus 18a (nár léir dom ach slí amháin lena gceartú) ach tá línte 7b agus 25c fós ró-ghearr; gheofar plé orthu seo ar fad sna nótaí ar an téacs. D'athraigh mé *frémh don fhoghluim* (16c, LS) go *frémh dá foghluim* chun uaim a chur ar fáil, agus d'athraigh mé *ttár* (18d, LS) go *ttáth* ar mhaithe le ciall na líne agus chun comhardadh a sholáthar le *gnáth* (18c).

Ar na samplaí is féidir a leagan ar an bhfile, dar liom, tá sárú na rialach gurb é an focal aiceanta leathdheiridh (seachas focal aiceanta roimhe sin) i líne d a dhéanann aicill leis an bhfocal deiridh i líne c (féach *IGT V §36*), riail a bhristear faoi dhó sa dán seo, i rainn 1 agus 14. Tá suíomh na bhfocal san aicill idir *uile* (28c) agus *toighe* (28d) go breá, ach ní dhéanann siad comhardadh slán le chéile; gheofar tuilleadh faoi seo sa phlé thíos ar ainmfhocail sa dán. Chomh maith leis na pointí sin, caithfidh gurbh é an file féin a d'fhág an focal aiceanta *gcéin* i lár líne 30c gan céile comhardaidh, sin nó tá an leathrann as riocht ar fad ag lucht seachadta an dáin.

Tá rím iomarcach i roinnt mhaith rann; is léir nach sárú an-tromchúiseach é seo, agus tá sé coitianta go leor san fhilíocht; féach *mairg ... ccailg* (1b); *chláir* (4b) : *fáidh : táin* (4cd); *mór* (6a) : *mór* (6c, urlann); *bás* (7b) : *dás : grás* (7cd); *Ghall* (10a) : *n-am : ann* (10cd); *céile* (14b) : *cléire : féile* (14cd); *ttaráth ... gnáth* (18c) : *ttáth* (18d, LS *ttár*); *ceann* (19b) : *earr* (19c, urlann); *ceól* (23a) : *seól* (23b); *gCluain* (23b) : *fuair* (23c, urlann); *fear* (28a) : *fear* (28c, urlann); *riamh* (33b) : *bhiadh* (33c, urlann); *nGall* (34b) : *ann* (34c, urlann); sé (36b) : *Dé : gné* (36cd); ní áirím anseo *Fuair* (26a) ... *fuair* (26c), ina dtosaíonn an dá leathrann ar an bhfocal céanna. Glacaim leis gur breacadh ceart clasaiceach atá i gceist iontu seo: *gcisde* (5b) : *cisde : misde* (5cd); *fós* (8a) : *thós : fós* (8cd); *chuing ... chuing* (9a) : *cuing* (9b); *Onóir* (10a) : *chomhóil : onóir* (10cd) agus *gcomhrádh / chomhráidh* (10bc); *maith* (26b) : *maith : raith* (26cd); *Cheall* (29a) : *ceann ... ceall* (29b) : *fhearr : leam* (29cd); *damh* (37a) : *c[h]ar : dhamh* (37bd).

Tosaíonn rann 2 ar an bhfocal lena gcríochnaíonn rann 1, *brón*, agus tosaíonn rann 9 ar na focail lena gcríochnaíonn rann 8, *a chuing*; ní riachtanas meadarachta é seo agus is sna samplaí seo amháin a fhaightear é. Osclaíonn an dán ar fad ar an siolla *Damh* in *Damhna* (1a) agus dúntar i gceart é ar *dhamh* (37d), ach ní mé an locht é go ndéanfadh *dhamh* (an focal deiridh i líne 16d) cúis mar dhúnadh freisin, agus/nó go bhféadfaí a rá go n-osclaítear an dán arís díreach ina dhiaidh sin in *Dāmadh* ag tús líne 17a agus arís eile in *Dāmadh* ag tús líne 32a. Ní dóigh liom go raibh sé i gceist ag an bhfile go mbrisfeadh sé seo an dán ina chodanna, óir níl aon athrú mór ábhair ag na pointí seo de.

TEANGA

Is sa Nua-Ghaeilge Chlasaiceach atá an dán den chuid is mó ach is cinnte go n-imítear ón gcaighdeán sin in áiteanna, mar a fheicfeadh thíos.

Ainmfhocail

Ní hionadh mór é gur mar bhaininscnigh a chaitear (san ainmneach uatha, gan deimhniú meadarachta) le *flaith* in *flaith ffromhtha* (4c) agus le *saoi* in *an tsháoi fhriochnaimh* (14c) agus *saoi chobhsuidh* (22d); bíodh is nach mbeifí ag súil le baininscne anseo de ghnáth sa teanga chlasaiceach, tá díolúine áirithe (agus, go deimhin, doiléire áirithe) faoi seo sna tráchtas agus faightear eisceachtaí i ndánta a chloíonn ar bhealaí eile le caighdeán an dána dhírigh (féach *ABP* líne 327 nóta). Is mar fhirinscneach (gan deimhniú meadarachta) a chaitear le *iarsma* san ainmneach uatha i líne 20a (*An t-iarsma mhairios don mhacruidh*); baininscneach *iā*-thamhain atá ann ó thús, is cosúil (féach *eDIL* s.v. *iarsma*), ach níl aon sampla cinnte agam ón dán díreach ina ndeimhniú an mheadaracht a inscne.

Tá simpliú suntasach le feiceáil sa dán seo ar an idirdhealú idir tuisil an ainmfhocail san uimhir uatha. Níl úsáid fhoirm an ainmnigh (*clann*) in áit fhoirm an áinsigh (*cloinn*) deimhnithe ag an meadaracht in *Fuair ōn Tríonóid clann is conách* (26a), agus dealraíonn sé go mbeadh an t-ainmneach inghlactha ansin sa dán díreach agus dhá chuspóir dhíreacha á gcomhordú le *agus* (féach *BST* 70b.2–37 agus nótaí); ach ní heol dom aon chosaint ar úsáid an ainmnigh (*lámh*, arna dheimhniú ag comhardadh le *lár* i líne 30b) in áit an áinsigh (*laimh*) in *mo lén air gor luighis lámh* (30d). Tá úsáid neamhchlasaiceach na foirme ainmní *cré* in áit na foirme áinsíche/tabharthaí *criaidh* (*IGT* II §97) ar lorg an réamhfhocail *fa* in *go dol Mhuiris fad chre a gcumhdach* (31c) deimhnithe ag líon na siollaí sa líne agus ag comhardadh le *é* (31d). Cibé is míthuiscint faoin tuiséal a rialaíonn *i* ‘(situated) in’ is cúis leis nó forás níos bunúsaí sa teanga (agus an t-idirdhealú idir na tuisil á chreimeadh), tá úsáid neamhchlasaiceach *s-* lóm an áinsigh chlasaiceigh ar lorg an ailt uatha in áit *tsh-* an tabharthaigh chlasaiceigh deimhnithe ag an meadaracht in *Do chaith a bhfuair sé san saoghol; / suim a gcisde níor chuir ríamh* (5ab). Tagann úsáid na foirme *cluain* (in áit *cluana* nó *cluanaidh*, *IGT* II §201) i suíomh tabharthach in *a gCluain Seancha ní seól gann* (23b) leis an teanga chlasaiceach toisc gurb é an chéad chuid d’ainm áite comhshuite é (féach McManus 2012: *passim*); ach ní fíor sin i gcás úsáid *táin* (: *faidh*) in áit thabharthach na teanga clasaicí (*tána* / *tánaidh*, *IGT* II §201) in *ag táin thoghtha thig[h]e an trír* (4d); tá cúpla sampla i ndánta déanacha eile d’úsáid *táin* mar thabharthach le deimhniú meadarachta (féach *ABM* 127.1d agus 2d,³ 380.8d agus 408.14c). Tá *-fhear* (foirm ainmneach, gan deimhniú meadarachta) san áit a mbeifí ag súil le *-fhior* (foirm thabharthach) mar an dara cuid de chomhfhocail in *ōn ríghfhear* (26c) agus, tar éis réimire, in *ó gach aoinfhear* (32c).

Ní dheimhniú an mheadaracht úsáid *mic* in áit *meic* mar ghinideach *mac* i línte 3ab (*Mac Briain Óig mhic B[h]riain mhic M[h]aoilín / mhic T[h]orna Mhoir mhúinte sgo*); féach go bhfuil an *ei* a mbeadh súil leis sa teanga chlasaiceach i líne 36c (gan deimhniú meadarachta) san ainmfhocail *gein*, ainmfhocail a litrítear in *i* (seachas in *ei*) go mion minic i LSí déanacha (agus féach an briathar gaolmhar i ndán ón gcéad leath den 17ú haois in *do ghin : do dhligh*,

³Táim buíoch de Chiara Ní Mhurchú as an dá shampla seo ó *ABM* 127.

ABM 179.17cd); ach féach freisin go bhfuil *i* neamhchlasaiceach in áit *ei* clas-
aiceach deimhnithe ag an meadaracht faoi dhó sa dán seo in *misde* seachas
meisde (féach an plé thíos faoin gceannteideal ‘Eile’).

Tá bunfhoirm neamhchlasaiceach ag cúpla ainmfhocail sa dán. Tagann an
tabharthach in *dā chineadh* (2c, : *dligheadh*) leis an ngnáthúsáid sa dán díreach,
ach ní thagann an t-ainmneach in *a chine* (21c, : *file*); níl ach sampla amháin
eile agam ón gcorpas de *cine* le deimhniú meadarachta;⁴ ní mé an aischruthú
aisteach ón tabharthach *cineadh* é an t-ainmneach *cine* nó an amhlaidh a shíl
an file go raibh rogha idir *cine* (faoi thionchar *fine*, b’fhéidir) agus *cineadh*
mar ainmneach uatha. I bhfianaise *cine*, ag cuimhneamh air freisin gurbh ann
do *senchae* mar ‘an old secondary form of *senchaid*’ (*eDIL* s.v.), agus gan aon
chabhair anseo ón meadaracht, ní féidir bheith cinnte de nach ón bhfile féin a
tháinig úsáid *seancha* mar ainmneach uatha i líne 25a in áit an ainmnigh uatha
chlasaicigh *seanchaidh* (*IGT* II §52). Ba dheacra glacadh le húsáid *seancha* (in
áit *seanchadh*) mar ghinideach (uatha nó iolra) *seancha(idh)* – agus shílfeadh
duine gurbh é ‘of historian(s)’ a bhí i gceist, i lár dhúiche thraidisiúnta mhuintir
Mhaoil Chonaire – san áitainm i líne 23b (*a gCluain Seancha ní seól gann*); ar a
shon sin, ní fios go deimhnitheach nach focail eile atá ann (ainm pearsanta, mar
shampla), agus níor baineadh le litriú na LSe anseo ach oiread. Ní le *rígheadh*
(26d, : *ríghfhear*) a bheadh súil sa teanga chlasaiceach ach le *righe* (*IGT* III §71,
‘contending’ srl.); níorbh ábhar iontais é *righeadh* (féach *eDIL* s.v. *riged*) ach ní
heol dom aon sampla eile le deimhniú meadarachta de *righeadh* (le guta fada sa
chéad siolla); tá dhá shampla eile sa dán d’fhadú neamhchlasaiceach guta (féach
an plé ar *ní[o]r āidhbhsigh* agus *do dhīongmhadh* sa rannóg faoi bhriathra,
thíos). Níl úsáid *b* in áit *bh* in *easbuidh* (37b) deimhnithe ag an meadaracht;
lochtaítear *b* in áit *bh* san fhocal seo in *IGT* II §149 ach tá correisceacht le fáil i
ndánta creidiúnacha (féach *ABP* línte 419–21 nóta).

Is féidir an droch-chomhardadh a luadh thuas idir *uile* (28c, ‘all’) agus
toighe (28d, ginideach uatha *teach*, ‘house’) a mhíniú ar bhealaí éagsúla: go
raibh an file sásta glacadh le huaithne slán in áit comhardadh slán anseo; nó
gur shíl sé go raibh *tuighe* inghlactha mar ghinideach le hais *toighe* trí analach
le *moighe/muighe*, ginideach s-thamhain eile, *magh*; nó nach raibh idirdhealú
i gcanúint an fhile idir fuaimniú *ui* agus *oi* sna focail seo (féach an plé thuas
faoi *ei/i* in *meic/mic* srl.).

Tá an guta gearr sa chéad siolla de *treimhse* (2a) inghlactha sa teanga
chlasaiceach, mar a bheadh guta fada freisin (féach *TD* 1.21 nóta). Díol spéise
is ea an guta gearr sa LS (atá fágtha mar sin agam san eagrán) sa chéad siolla
de *se[i]pél* (34a); féach *eDIL* s.v. *seipél*, *seipél*, *saipél*, *saipél*, ‘Perh. originally
with short first syllable’; níl aon sampla eile den fhocal seo agam ón bhfilíocht.

D’fhéadfaí litriú níos stairiúla a chur ar fáil sna hainmfhocail seo a leanas:
ach *gh* a athrú go *dh* in *fhuighioll* (12a, ‘remainder’) agus in *oighidh* (36c), *dh*
a athrú go *gh* i lár *aidhiodh* (23d agus 24a), agus *ch* a athrú go *th* in *feichiomh*
(19b).

⁴Féach Sionón seininnse na bhfionn, / Iúdás oirir na hÉirionn, / anágh cinnte dhá chine / Canán
mhíllte a mhuinntire, ‘The Sinon of the ancient isle of the Finns, Judas of the land of Erin, certain
ill-luck to his race; a Conán who injures his own people’ (O’Keeffe 1912, rann 8).

Athrú tosaigh ar lorg ainmfhocal

Ní imítear mórán i leagan na LSe den dán ó rialacha na teanga clasaicí i dtaobh na n-athruithe tosaigh. Is suntasach ón taobh seo de a mhéad samplaí atá i leagan na LSe de shéimhiú ar thúsleitir ainm dílis sa ghinideach gan beann ar a dtagann roimhe, mar a fhaightear i nGaeilge an lae inniu. Féach na focail deiridh iontu seo: *Damhna eòlchuire ég Mhuiris* (1a), *go dol Mhuiris ...* (31c), *Onóir Ghall is Ghaoidhiol Chonnacht* (10a) agus *ní fhaicim um Chruachain Chuinn* (27b). Ní chuirfeadh sé isteach ar an meadaracht dá mbainfí gach séimhiú neamhchlasaiceach ansin nó dá n-urófaí sa dá shampla dheiridh (i línte 10a⁵ agus 27b). Is féidir an séimhiú neamhchlasaiceach i gcuid de na samplaí sin a mhíniú ar bhealach eile freisin: cuir i gcás gur shíl an file go rialódh *um* (27b) agus *go* (31c) an tabharthach.

Tá roinnt mhaith áiteanna sa dán nach gcuirtear an séimhiú neamhchlasaiceach sin ar ainm dílis sa ghinideach: ar lorg ainmneach uatha firinsneach in *Mac Briain Óig* (3a), *ollamh Cruachan* (4b), *Muiris mac Briain* (7a), *Muiris mhac Bríain* (22b, féach thíos maidir le *mhac*), *deaghmhac Gráin[n]e* (16b) agus *se[i]pél taoibhgheal Torna* (34a); agus ar lorg tabharthach iolra in *d'uaislibh Connacht* (11b). Chomh maith leis sin, tá áiteanna a dtagann an séimhiú leis an teanga chlasaiceach, ar lorg ainmneach uatha baininsneach in *Ardfhuil Gheairailt* (13a) agus *laochruidh Chonnacht* (17a), mar shampla, nó ar lorg ginideach uatha a shéimheodh sa teanga chlasaiceach in *chláir Chonnacht* (14a) agus *chuire Chruachan* (17c).

I gcúpla áit eile, níl séimhiú sa LS a mbeadh súil leis sa teanga chlasaiceach. In *ó ghort Maisdion* (13a), d'fhéadfaí séimhiú a chur ar fáil le tacaíocht ó *fa mháoth bhróin* sa chéad líne eile (13b) agus ó *a gcogail chruidh* (6d), ar *mbreith bhuaadh* (7c), *a n-am chomhóil* agus *chomhráidh* (10c), srl. In *a gCluain Seancha ní seól gann* (23b), deimhníonn an mheadaracht easpa séimhithe, easpa a d'fhéadfaí a mhíniú mar dhíshéimhiú ar *sh-* ar lorg *-n*, mar mhíthuiscint nó forás maidir leis an tuiseal a rialaíonn an réamhfhocal *i* 'situated' in, nó mar shampla de dhul i léig na rialach clasaicí go séimhithe ar lorg tabharthach uatha; sin nó an líne a athrú go *a gCluain S[h]eancha ní[or] s[h]eól gann*, 'were no strangers to Cluain Seancha' (féach an nóta ar an téacs).

Tá an séimhiú a mbeifí ag súil leis sa teanga chlasaiceach ar lorg ginideach de chineál o-thamhain curtha ar fáil agam in *Mac Briain Óig mhic B[h]riain mhic M[h]aoilín / mhic T[h]orna Mhóir mhúinte sgol* (línte 3ab), le tacaíocht ginideach eile den chineál céanna, ar nós *an eólaigh fhéil* (11d, áit a ndeimhníonn an mheadaracht an séimhiú), *an chláir mhín* (4b) agus *an bhronnuidh bhuaín* (13d).

Comhlíonann an séimhiú ar thúsleitir an fhocail leathdheiridh na riachtanais do shléagar (féach Mac Cáirthaigh 2015: 241) in *is aos seanma cheólphort gcaoin* (24b). Chomhlíonfadh sna samplaí seo a leanas freisin dá lúbfáil na rialacha le glacadh le haidiacht idir an tús (.i. an t-ainmfhocal a rialaíonn an ginideach) agus an lár (.i. an t-ainmfhocal sa ghinideach a gcuirfear séimhiú ar a thúsleitir

⁵Tá urú na teanga clasaicí ar thúsleitir aidiachta ar lorg ginideach iolra i línte 14b, 16a, 16b, 24b, 25c agus 32d.

nó a mbainfear séimhiú di): *Ollamh oirnidhe chláir Chonnacht* (14a), *Tamhan cumhra Chluana Bolcáin* (15a, dá dtuigfí *cumhra* ansin mar aidiacht), agus *ollamh toghtha chuire Chruachan* (17c).

Níor bhain mé an séimhiú de thúsleitir *mhac* (ar lorg ainmneach uatha firinsneach) in *Muiris mhac Bríain* (22b). Ní féidir talamh slán a dhéanamh de nach ón bhfile féin a tháinig sé, agus ní mó is féidir bheith cinnte de nach é *Muirí[o]smhac Bríain* (a bhfuil an chiall chéanna leis) a bhí ar intinn aige an chéad lá.

Maidir le séimhiú an bhaininscnigh in *flaith fhromhtha* (4c), *an tsháoi fhriochnaimh* (14c) agus *saoi chobhsuidh* (22d), féach an rannóg thuas faoi ainmfhocail.

Réamhfhocail

Díol suntais is ea é, dá dhéanaí an dán seo, nach bhfuil an t-idirdhealú clasaiceach idir *re* agus *le* arna sháru i leagan na LSe de; tá *re* ceart i línte 2a, 8a, 25b agus (le deimhniú meadarachta) i líne 26d; tá *le* ceart i línte 17b (le deimhniú meadarachta), 22d, 29d (le deimhniú meadarachta) agus 34b.

Seans maith gur chóir séimhiú a chur ar fáil ar lorg *gan* in *gan ceann fine* (19b) – agus féach *ga[n] fhear n-eagair* (20c) agus *gan mhaoidhiomh* (23c) – ach b'fhéidir nach mbeadh séimhiú i gcónaí ag an bhfile ar an gcéad fhocal i bhfrása ar lorg *gan* (ar nós Ghaeilge chaighdeánach an lae inniu).

Tagann fuaimniú *b* tosaigh gan séimhiú ar lorg *um* in *um biadh nā um bronnadh* (30a) leis na rialacha do *cadad* in *IGT I* (féach *ABP* línte 561–4).

Ní féidir bheith cinnte de nárbh é an file féin a d'úsáid *sa* in áit *san* in *sa tír* (2a) agus *sa chrann* (28b), le hais *san saoghol* (5a), tá a leithéid chomh coitianta sin i *LSí* níos sine ná seo (féach *McManus* 2019: 167–9), agus choinnigh mé leagan na LSe san eagrán i ngach cás.

Tá an síneadh fada ar na gutaí in *tré* (13c) agus *lér* (22d) neamhghnách i gcóip na LSe den dán, sa mhéid is nach bhfuil síneadh fada in *fa / fan / fad / far* (12d, 13b, 24c, 31c, 35c, 36d), *re* (2a, 8a, 25b) ná *le* (34b).

Ní imítear mórán ón teanga chlasaiceach sa dán seo maidir leis na tuisil a rialaíonn na réamhfhocail ná le hinfhilleadh ainmfhocal ar lorg réamhfhocal, ach gheofar plé ar roinnt eisceachtaí sa dá rannóg roimhe seo; féach an chéad rannóg acu sin (Ainmfhocail) maidir le *san saoghol* (5a), *ōn ríghfhear* (26c), *fad chré* (31c) agus *ó gach aoínfhear* (32c); agus an dara ceann acu (Athrú tosaigh ar lorg ainmfhocail) maidir le *ó ghort Maisdion* (13a), *a gCluain Seancha* (23b), *um Chruachain Chuinn* (27b) agus *go dol Mhuiris* (31c). Gheofar tuilleadh faoi *fa* + an chopail sa rannóg ina dhiaidh seo.

Briathra

Ní chuirfeadh sé isteach ar an meadaracht an *i* neamhchlasaiceach sa bhriathar caite *do chréuchtghoin* (19a) a bhaint, ach d'fhág mé ann é mar go bhfuil sé le fáil sa teanga iarchlasaiceach. Glacaim leis gur briathar atá i gceist in *arar thál* (16c, : *rádh*); níl an briathar seo in *IGT III* agus níl dóthain samplaí agam ón bhfilíocht le rá cé acu clasaiceach nó neamhchlasaiceach atá *tálaidh* (seachas *táilidh*).

Ní hábhar iontais, chomh déanach seo i ré na filíochta siollaí, fadú neamhchlasaiceach ghutai tosaigh *diongbhaidh* agus *aidhbhsighidh* in *do dhiongmhadh* (9c, : *fiorbhun*) agus *ní[o]r āidhbhsigh* (25d, : *chlāirsigh*) – ach oiread le fadú an *i* san ainm briathartha *rīgheadh* i líne 26d (féach an plé thuas ar ainmfhocail).

Is léir gurb í brí an mhodha fhoshuitigh chaite (.i. *dá mbeath* / *dá mbeadh* sa teanga chlasaiceach) atá le *dā mbeith* i línte 33a agus 34a. Tá úsáid *dā mbeith* san áit a mbeadh (an foshuiteach láithreach) *dá mbé* / *dá ra(i)bh* sa teanga chlasaiceach (IGT III §7) coitianta i LSí, ach gan deimhniú meadarachta riamh go bhfios dom (féach Mac Cárthaigh 2019: 92). Ba leasc liom, dá bhrí sin, aon choigeartú a dhéanamh anseo, ach seans maith gurbh é *dá mbeath* / *dá mbeadh* a bhí ar intinn ag an bhfile féin (agus b'fhéidir go raibh an giorrúchán le haghaidh *et* + marc séimhithe in eiseamláir scríobhaí).

Maidir leis an gcopail, féach na foirmeacha caite *bu* (2c) agus *ba* (4c) le hais na gnáthfhoirme *fa* (5c, 11b, 19d agus 37d). Féach an litriú *gor* (caite, in áit *gur*) in *gor chneasda* (8d), a thagann le húsáid *gor* roimh bhriathra sa LS (féach thíos). Má tá an ceart agam go gciallaíonn *nar bhuan olc nā oiréd ann* (34d) ‘may neither evil nor great jealousy last there’, ní le *nar bhuan* a bheadh súil sa teanga chlasaiceach ach le *narab buan* (gnáth-fhoshuiteach láithreach diúltach na copaille), a d'fhágfadh an líne ró-fhada. Déanaim amach gur brí láithreach atá le *far in far buaine* (36d); is é *fan* (nó *fana*, a bheadh neamh-mheadarúil anseo) a bheadh ceart mar láithreach de réir BST lch 162, nó *far* + séimhiú mar chaite (nó mar chaite módúil), mar atá in *far chomair* (12d); d'fhéadfaí *fan buaine* a léamh anseo, ach tá *far buaine* (a gheofaí sa teanga iarchlasaiceach) fágtha agam mar nach féidir bheith cinnte cé acu ó scríobhaí nó ón bhfile féin a tháinig sé.

Tá *gē fhuair* (7b) fágtha mar atá sa LS agam ach, de réir mar a thuigim, is leis an litriú *gé uair* a bheadh súil, nó le *gé do-uair* (a leigheasfadh líon na siollaí sa líne; féach an nóta ar an téacs); bheadh an litriú *gé fuair* go breá ann féin freisin ach bheadh sé neamh-mheadarúil anseo mar nach ndéanfadh sé uaim le *aicme* (7a). Féach *gor* roimh bhriathra san aimsir chaite in áit an ghnáthleagain *gur* i línte 2d, 30d, 31d, 35b. In *Sul do múchadh* (35a) d'fhéadfaí *sul* a athrú go *suil*, an leagan ceart de réir BST 238.9, ach tá *sul* beagnach chomh coitianta le *suil* i leaganacha LSe de dhánta.

Tá an úsáid in *mo lén air gor luighis lámh* (30d), inar briathar aistreach é *luighidh*, neamhghnách; féach ‘Rarely in trans. use’ (*eDIL* s.v. *laigid*); níl aon sampla eile agam le cur leis an sampla aonair a thugtar ansin in *eDIL*, is é sin *go nach luighfeadh Dia lámh air* in *Trí bior-ghaoithe an bháis* (Bergin 1931, línte 5418–9, ‘so that God would not lay a hand on him’).

Eile

Dhéanfadh an litriú (neamhchoitianta) *mhíó[n]la* cúis freisin i líne 1d in áit *mhíol[l]a* (an gnáthlitriú i LSí ón tréimhse seo, agus an ceann a roghnaíodh).

Díol suntais is ea úsáid an tseanleagain *bheōs* i líne 33a in áit an ghnáthleagain sa dán díreach, *bhós* (féach *SnaG* IV §2.6); níl aon sampla eile agam

den seanleagan seo (le deimhniú meadarachta nó gan é) i ndán ó ré an dána dhirigh.

In *cá misde* (5d), d'fhéadfaí *cá* a athrú go *gá* gan cur isteach ar an meadaracht. Lochtaítear *cá* in *IGT* I ach tá sé coitianta i LSí (féach *ABP* línte 271–2 nóta).

Ní le *misde* a bheadh súil sa dán díreach ach le *meisde*, ach tá an dá shampla sa dán seo (i línte 5d agus 33d) deimhnithe ag comhardadh le (g)*cisde*. Níl ach dhá shampla eile ar m'eolas sa chorpas ina ndéanann an focal seo comhardadh in *i* (seachas in *ei*), *miste* : *chliste* (*LCLAB* 32.35–6) agus *miste* : *chiste* (*LCLAB* 33.55–6), agus tá siad sin in dhá dhán dhéanacha a chum file amháin do phátrún a fuair bás in 1678 (*LCLAB* lch vi). Féach freisin an plé thuas (sa rannóg faoi ainmfhocail) ar *i/ei* (gan deimhniú meadarachta) in *mhic* (3ab) agus *ghein* (36c); níl *meinic* (20b) san áireamh anseo agam toisc nach bhfuil aon sampla meadaruil agam a dheimhníonn fuaimniú a chéad siolla in *ei* ná in *i* (féach Mac Cárthaigh 2017: 115).

Níl cinnte cé acu atá *o* (seachas *u*) sa chéad siolla de *chomair* (12d, : *ollaimh*) clasaiceach nó nach bhfuil. Níl an aidiacht seo (*eDIL* s.v. *cummair*) in *IGT* agus níl ach dhá shampla aimsithe agam sa chorpas ina bhfuil an chéad siolla di páirteach i gcomhardadh, an péire acu sin i ndánta a leagtar ar Philib Bocht Ó hUiginn, .i. *cumair* : *cumaidh* (*PB* 4.39bd) agus *cumair* : *urraidh* (*PB* 22.2bd). Sna samplaí sin féin, ní dhearbhaíonn an mheadaracht go deifnídeach nach é *o* a bhí ag an bhfile a chéaduair, le *comair* ag déanamh comhardaidh leis na leaganacha malartacha *comaidh* (*IGT* II §189) agus *orraidh* (*IGT* II §7).

ORTAGRAFAÍOCHT

Díol spéise is ea an ortagrafaíocht i leagan na LSe den dán, tá sí chomh gar sin don ortagrafaíocht normalaithe a úsáideann eagarthóirí an lae inniu agus a chuir Eleanor Knott i bhfocail céad bliain ó shin (féach *TD*, iml. 1, lgh xciv–xcviii). Ar ndóigh, is é atá san ortagrafaíocht normalaithe sin ná leagan leasaithe de chleachtas ortagrafaíochta roinnt de scríobhaithe na 17ú haoise, leithéidí scríobhaí anaithnid LS A iv 3 (743) in Acadamh Ríoga na hÉireann, a luann Knott mar LS eiseamláireach ina thaobh seo, nó an scríobhaí Seaán mac Torna Uí Mhaoil Chonaire (ó Cho. an Chláir), a ghraf a oiread sin de shaothair an Chéitinnigh (féach Ó Cuív 1976: 531–2).

Ní scríobhtar *éa* riamh i leagan na LSe den dán; an litriú *é* is mó a úsáidtear, mar a mholtar in *IGT* I (*ABP* línte 174–6), mar shampla in *ég* (1a), *gég* (3d), *choimhéd* (5c), agus i mbreis agus scór sampla eile; tá cúig shampla de *éu* ann freisin (féach *léughthóir* 16a, *éunchor* 27c, srl.) agus sampla amháin de *eu* (atá mar *ēu* agam san eagrán ar bhonn na samplaí eile sin) in *chreuchtghoin* (19a, LS). Faightear sleamhnóg idir guta caol agus consan leathan a leanann é gach áit eile i leagan na LSe den dán, seachas i gcorrshampla de *níor*, agus tá *o* curtha ar fáil agam iontu sin (féach *níor* 5b, 24c, 30a; *nīor* 25b; *ní[o]r* 6d, 25d, 30c); féach freisin go bhfuil *i* curtha ar fáil agam idir *e* agus consan caol a leanann é in *se[i]pél* (34a).

I siollaí gearra/meánacha neamhaiceanta (i bhfocail nach comhfhocail iad), is é **ai** nó **ui** a fhaightear i gcónaí roimh chonsan caol (mar shampla, *fosguidh* 1c, *Cosmhuil* 8a, *seasainn* 8c, *adhair* 9b, *doghruing* 16d, *cosmhail* 22c), agus **a** nó (scaití) **o** roimh chonsan leathan (mar shampla, *saoghol* 5a, *Connacht* 11b, *Ollamh* 14a, *leabhor* 16a). Tá claonadh láidir ann **io** a úsáid in áit **ea** i siollaí neamhaiceanta; má fhágtar comhfhocail (*saoirfhear* 15b, *taoibhghéal* 34a, srl.) agus leithéidí *imdheacht* (18d) as an áireamh, is in *chineadh* (2c), *dligheadh* (2d), *rīgheadh* (26d) agus *aitreabh* (33a) amháin atá **ea**, i gcontrárthacht le *chaithiomh* (6b), *Ghaoidhiol* (10a), *ccomhairlioch* (18b) agus 15 sampla eile de **io**. I bhfocail ilsiollacha dar críoch guta gearr neamhaiceanta, is mar **a** nó mar **e** a scríobhtar an guta sin i gcónaí; féach, mar shampla, *bile buadha* (8b), *toghtha chuire* (17c), *luighe ortha* (17d).

Tá síneadh fada ar cheithre shampla de **aoi** (*ndláoi* 1c, *gnáoi* 1d, *mháoi* 13b, *tsháoi* 14c) le hais beagnach 30 sampla gan síneadh fada (*saoirfhear* 15b, *Mhaoil* 21c, *ghnaoi* 22c, *saoi* 22d, srl.) ach níl síneadh fada ar aon sampla de **ao** (*saoghol* 5a, *saor* 15b, *daor* 15d, srl.). Níl ach sampla amháin sa dán de **eo** gearr (*coirdmheoch* 23a); tá síneadh fada ar ocht sampla de **eo** fada sa LS (*ndeóruidh* 9c, *eólaigh* 9d, *leó* 17b, srl.) agus tá sé shampla gan síneadh fada sa LS (ach le macran anois san eagrán lena n-idirdhealú ó **eo** gearr; féach *eölchuire* 1a, *mbeoghoin* 11c, *leónadh* 20d, srl.). Tá síneadh fada ar **ia** in *riámh* (5b), *Briain* (22b), *bhiadh* (32c agus 35c) agus *clíar* (33d) ach níl in aon sampla eile (féach *fhial* 5d, *iad* 13b agus 15 sampla eile). Tá síneadh fada ar **ua(i)** i dtrí shampla de *uainn(e)* (18d, 19c, 36c) ach níl in *fuair* (6a), *suail* (11c), *Chluana* (15a), *uain* (30b, LS, = *uainn*) ná in 30 sampla eile.

Is mar **cc-** atá **c** uraithe scríofa in *ccailg* (1b) agus in *ccomhairlioch* (18b, le hais *gcás* sa líne chéanna), ach mar **gc-** i ngach sampla eile (*gcrann* 1c, *gcisde* 5b, *gcuimhne* 21b, srl.), agus féach **-gc-** in *éugcruth* (35d). Ina ainneoin sin, is mar **tt-** atá gach ceann den dornán samplaí de **t** uraithe arna scríobh, agus níl aon sampla de **dt-** sa dán; féach *ttír* (6c), *ttráth* (18c) agus *ttár* (18d, LS); féach freisin *ttás* (37c). Mar **bffh** atá **f** uraithe arna scríobh sa LS in *bffhuair* (5a), *bffhuil* (12a) agus *bffhagha* (28a) agus mar **bf** in *bfféughthor* (27d, LS); is é *bhf/b[h]f* atá san eagrán, ag teacht leis an bhfuaimniú. Is é **tsh** an litriú in *antsháoi* (14c), an t-aon sampla amháin sa dán de **s** arna shéimhiú ag an alt.

Níl aon sampla sa dán de **sp**; seans nach é **sb** ach *sbh* a theastaigh ón bhfile in *easbuidh* (37b; féach an plé thuas ar na hainmfhocail); níl aon sampla eile ann de **sb**. Níl ach dhá shampla sa dán de **st** (in *Chríost* 28b agus *Trostáin* 29a), agus is é **sd** a fhaightear seachas iad sin; féach *bhrosduigh* (1d), (*g*)*cisde* (5b, 5c, 33c), *misde* (5d agus 33d), *theasda* (8c), *chneasda* (8d), *Maisdion* (13a) agus *sdór* (33c). Níl aon sampla sa dán de **sc**; tá **sg** in *fosguidh* (1c), *sgol* (3b) agus cúig shampla eile.

Tá deich sampla sa dán de **cht** (féach *Chonnacht* 10a, *acht* 13b, *imdheacht* 18d, srl.), iad uile arna scríobh amach ina n-iomláine, gan ghiorrúchán; níl aon sampla ann de **chd**.

Tá dhá shampla de dhúbailt **n** i siollaí a bhféadfadh nó a gcaithfeadh síneadh meánach a bheith iontu sa teanga chlasaiceach: in *Sinnsior* (22a) agus *immhe* (27c); níl aon sampla de dhúbailt **l** ná **r** ar an gcaoi seo agus tá roinnt

focal le consain indúbailte nár dúblaíodh (féach *turnamh* 2b, *ccomhairlioch* 18b, *doilghe* 21a, srl.). Tá gach sampla de *ia* + *ll* arna scríobh in *ll* (féach *thriall* 22b, *triall* 23d, *giall* 29d); seachas iontu sin agus in *úainne* (19c, < *uainn* + *-ne*), is mar *l* (sampla amháin) agus *n* (cúig shampla) atá **ll** agus **nn** arna scríobh sa LS ar lorg guta fada nó défhoghair, ag teacht leis an bhfuaimniú clasaiceach; tá [*l*] nó [*n*] curtha ar fáil agam iontu sin san eagrán de ghrá na soiléire; féach *úain[n]* (18d), *uain[n]* (30b), *úain[n]e* (36c), *mhíol[l]a* (1d), *Gráin[n]e* (16b) agus *Dúin[n]* (21a).

Ní mar *i* ach mar *a* atá an réamhfocal simplí leis féin arna scríobh (5b, 6d, 10c, srl.), ach féach *iona* (12b, < *i* + *a n-*, ‘in their’) agus *id* (33c, < *i* + *do*, ‘in your’) le hais *ad* (29a agus 30b). Is mar *as* (seachas mar *is*) atá láithreach na copaire scríofa sna trí shampla sa dán (i línte 7d, 21a agus 22c).

Maidir le litriú roinnt ainmfhocal in *-gh/-dh-* agus in *-ch/-th-*, féach an plé thuas ar ainmfhocail.

TÉACS

- 1 Damhna eölchuire ég Mhuiris,
ar mairg choidhche 's ar ccailg mhór,
ar gcrann fosguidh 's ar ndláoi dhíona,
gnáoi mhíol[l]a do bhrosduigh brón.
- 2 Brón sa tír a-tá re treimhse –
turnamh aoibhnis d'Éirinn ann –
d'ég aoinfhir bu ceann dā chineadh,
Gaoidhil gor mheall dligheadh dall.
- 3 Mac Briain Óig mhic B[h]riain mhic M[h]aoilín
mhic T[h]orna Mhóir mhúinte sgol
gan a shamhail iar n-ég againn,
gég tharuidh nar chagaill crodh.

AISTRIÚCHÁN

- 1 Muiris's death is a cause of grief, a heartbreak forever for us and a body blow; a [man with a] gentle face who has aroused sorrow, [he was] our sheltering tree and our roof covering.
- 2 There has been sorrow in the country of late as a result of the death of a singular man who was a leader for his family, so that an indiscriminate law has left Gaels dejected; it diminishes Ireland's joy.
- 3 The son of Brian Óg son of Brian son of Maoilín son of Torna Mór who taught schools: death has left us with no-one like him, [a man like] a fruitful branch who did not hoard wealth.

LÉAMHA LÁMHSCRÍBHINNE

2a. th(?)ír

- 4 Mo bhráthair búidh, mh'oidhe is mh'athair,
ollamh Cruachan an chláir mhín,
ba flaith fhromhtha, fáidh is file
ag táin thoghtha thig[h]e an trír.
- 5 Do chaith a bhfuair sé san saoghol;
suim a gcisde níor chuir ríamh;
dó fa cisce clú do choimhéd;
cā misde a-nú an fhoighég fhial?
- 6 Gidh mór fuair do dhuille an domhnáin,
dúil shíor 'na chaithiomh do chuir;
mór 'nar ttír darb[h] fheas a obair;
brígh ní[o]r mheas a gcogail chruidh.
- 7 Muiris mac Briain, bláth a aicme,
gē fhuair bás ní beart chlé;
ar mbreith bhuadh, gā dás, do dhomhan,
as tuar grás gan omhan é.
- 8 Cosmhuil fós a bhás re a bheathuidh,
bile buadha an toruidh thruim;
dá seasainn ar thós a theasda,
measaim fós gor chneasda a chuing.

4 My loving kinsman, my tutor and my father, ollav of Cruachain of the smooth plain, he was a proven prince, a prophet and a poet to Tara's élite.

5 He disbursed all he got in this world; he never showed interest in wealth; wealth for him was to uphold [a good] reputation; this is to the generous scion's credit now.

6 Though he received much of the transitory wealth of the world, he was always keen to disburse it; many in our country have known his work[s]; he did not value hoarding wealth.

7 Although Muiris son of Brian, flower of his family, has died, it is not a bad thing; indeed, after [him] defeating the world['s temptations], it is a portent of graces without fear.

8 Moreover, the death of this virtuous [man like an] abundantly fruitful tree resembled his life; were I to rely [for evidence] only on the first part [detailed above] of his record, I still reckon that his behaviour was kind [enough to merit heaven].

- 9 A chuing chreidimh 's a chuing chrábhuidh,
cuing oinigh dar adhair sé,
an fear do dhíongmhadh dháimh ndeóruidh,
fíorbhun ráidh gach eólaigh é.
- 10 Onóir Ghall is Ghaidhiol Chonnacht
's a gcomhrádh caoin do chleacht sé
a n-am chomhóil *agus* chomhráidh;
onóir ann narbh orghráin é.
- 11 Dā mairdís ar mhair 'na aimsir
d'uaislibh Connacht fa maith méin,
ní *bud[h]* suaill an sás dā mbeōghoin
bás iar n-uair an eólaigh fhéil.
- 12 A bhfuil beō d'fhuighioll na haicme,
iona n-orchra ní théid trágh;
d'aithle a gcomthaigh, d'ég a n-ollaimh,
créd orthaibh far chomair crádh?
- 13 Ardfhuil Gheairailt ó ghort Maisdion
fa mháoith bhróin, acht iad a n-uaigh,
budh casmhuil tré ég an ollaimh,
gasruidh Ghrég an bhronnuidh bhuain.

- 9 The Christian deportment, religious observance and honourable behaviour practised by this man who was a match for any visiting poet band are a byword for the wise.
- 10 He was held in affectionate esteem by the [old] foreigners and Gaels of Connaught, and enjoyed their genteel converse at time[s] of drinking and discoursing.
- 11 Were all of the benevolent Connaught nobles of his day still alive after this generous, knowledgeable man's time [ran out, his] death would be no trivial blow to them.
- 12 The sorrow of the remaining survivors of that company is unebbing; how could [their] torment be short-lived after their companion, after the death of their ollav?
- 13 Were they not in the grave, Gerald's lofty bloodline from the field of [Mulla]mast, ever-giving Grecian soldier-band, would be similarly heartbroken at the ollav's death.

- 14 Ollamh oirnidhe chláir Chonnacht,
céile ríoghan na rosg nglas
an tsháoi fhriochnaimh, ceann na cléire,
geall féile dob ionchuir as.
- 15 Tamhan cumhra Chluana Bolcáin,
bláth na saoirfhear sochla saor,
fear do thuair ar mhaith a mholadh,
fuair 's do chaith an domhan daor.
- 16 Sgribhneóir, léughthóir leabhor ndorcha,
deaghmhac Gráin[n]e na ngníomh nglas,
fear arar thál frémh dá foghlum,
a-dér rádh nach doghruing dhamh.
- 17 Dāmadh líonmhor laochruidh Chonnacht,
do caoinfidhe léo a los chráidh
ollamh toghtha chuire Chruachan;
luighe ortha d'uathadh áir.
- 18 A gceann síodha ['s] a gcosg cogaidh,
's a ccomhairlioch a gcás chruaidh,
a ttráth chóir *bud[h]* gnáth a ghrinnbheart;
ar ttáth bróin a imdheacht úain[n].

14 Distinguished ollav of Connaught's plain who served green-eyed queens, master scholar, leader of the learned, his generosity could be betted upon.

15 Trunk of the fragrant tree of Cluain Bolcáin, flower of the renowned noble men [of that place], a man who earned praise for goodness, who received and disbursed [the wealth of] the servile world.

16 Writer, reader of difficult books, Gráinne's good son of the virtuous deeds, a man for whom learning a [genealogical] root produced a yield, I will say something that comforts me.

17 Were the soldiery of Connaught – [now] decimated by war – [still] numerous, they would lament the choice ollav of Cruachain's troop out of heartfelt sorrow.

18 Their leader in peacetime, their preventer of war and their adviser in a predicament, he was wont to act incisively at the right moment; his departure from us [in death] unites us in sorrow.

- 19 Uí Mhaoil Chonaire do chrēuchtghoin
gan ceann fine ag feichiomh dháibh;
earr ar ndochair a ég úainne,
séd sochair fa buaine báidh.
- 20 An t-iarsma mhairios don mhacruidh,
meinic chaoinid a g[h]lór gaoth;
ga[n] fhear n-eagair am dā seōladh,
bud[h] eagail ann leōnadh laoch.
- 21 Dúin[n] as doilghe bás ar mbráthor,
buan ar gcuimhne ar ghloine a ghníomh,
clann Uí Mhaoil Chonaire, a chine;
caoin toghaidhe an file fíor.
- 22 Sinnsior d'ainm is d'iúl a mhaicne
Muiris mhac Bríain nar thriall tár,
reic a ghnaoi as cosmhail ar chéimibh,
saoi chobhsuidh lér éirigh ágh.
- 23 Aoibhnios, imeirt, ceól is coirmdheoch
a gCluain Seancha ní seól gann;
fuair do chách a mian gan mhaoidhiomh
gér ghnáth triall na n-aoidhiodh ann.

19 Being without a family head watching out for them has wounded the O'Mulconrys; the death of this beneficent jewel whose support was most constant is the nadir of our misfortune.

20 The surviving remainder of the family frequently lament [the loss of] his wise words; not having an organiser when they need guidance, there is a risk of warriors being wounded.

21 We, his kin, the O'Mulconry family, are the ones for whom our kinsman's death is hardest; lasting is our memory of the virtue of his actions; gentle and excellent [was] the true poet.

22 A progenitor of the reputation and knowledge of his descendants, Muiris son of Brian who never contemplated disgrace[ful deeds], a steadfast sage who enjoyed success, [his] actions make it right to broadcast his fame.

23 Festivity, gaming, music and drinking are no strangers to Cluain Seancha, [where] he got everyone whatever they wanted without a fuss, although guests were constantly going there.

20d. eagh(?)ail; 21b. gh(?)niom(?)h; 22a. *Comhartha easnaimh in áit is d'iúl, le is diúl san imeall clé*; 22d. éiri(?)gh

24 Do bhíodh don treibh tionól aoidhíodh
is aos seanma cheólpheort gcaoin –
fa bhronnadh níor chruaidh a chroidhe –
um ollamh sluaigh Mhoighe Maoín.

25 Seancha saor is deighfhear dána –
dréim re a aithribh nīor ghnīomh gann –
ag seinm pheort gcaoin ar chlāirsigh
locht dā thaoibh ní[o]r āidhbhsigh ann.

26 Fuair ōn Tríonóid clann is conách
's céile maith do chosain clú;
fuair gach maith go réidh ōn ríghfhear
's budh céim raith a ríghtheadh rú.

27 A leithéid oile dā aicme
ní fhaicim um Chruachain Chuinn,
a nós ar éunchor ná [a] innmhe,
dā b[h]féughthor fós imle an fhuinn.

28 Go bhfagha an fear fós dā anmain,
a hucht Chríost do-chuaidh sa chran,
fear an chroinn do fhóir an uile,
roinn do ghlóir an toighe thall.

24 Guests and players of sweet tunes used flock to the house around the ollav of Maonmhagh's host; he was not hard-hearted about giving.

25 A noble historian and an accomplished poet, his playing of sweet melodies on the harp did not attract criticism; emulating his ancestors was no small task.

26 His emulation of them brought success; he was granted children and prosperity by the Trinity, and a good spouse who protected [his] reputation; every good thing came easily to him from the king [of heaven].

27 Around Conn's Cruachain, even if the margins of the land are searched, I do not see another like him of his class, with either his way[s] or his standing.

28 And may the man receive a share of the glory of heaven for his soul, in the name of Christ who was crucified, the man of the Cross who succoured all.

- 29 A Cheall Trostáin, tarla ad charcair
ceann cothuighthe ceall is cliar,
fear dob fhearr cruth *agus* croidhe;
uch! dar leam ní gloine giall.
- 30 Neach níor dhiúlt um biadh nā um bronnadh
go a bhreith uain[n] do luighe ad lár
's ní[o]r ér an gcéin do mhair Muiris;
mo lén air gor luighis lámh.
- 31 Ní raibhe fós olc 'na aigniodh,
iomdha céim 'na mbeiriodh buaidh,
go dol Mhuiris fad chre a gcumhdach
's gor chuiris é a gcumhgach chruaidh.
- 32 Dāmadh nádúir aisiog aoinfhir
d'fhagháil ōn ég, mar nach eadh,
do bhíadh tóir ann ó gach aoinfhear
d'fhōir Ghall agus Gaoidhiol ngeal.
- 33 Oil Finn bheōs dā mbeith ar aitreabh,
áit a aithriond roimhe riamh,
ní bhiadh sdór ar gcisde id chumhgach;
misde go mór cumhdach clár.

29 Alas, O Kiltristan, the leading sustainer of churchmen and poets, a man of great appearance and heart, happens to be in your prison; I can think of no purer prisoner [than him].

30 As long as he lived, until he was taken from us to lie in your confines, Muiris refused no-one food or bestowal and he turned no-one down; my woe that you laid a hand on him.

31 Moreover, before Muiris was covered by your clay and you placed him in hard confinement, there was no evil in his nature and he used to win victories in many things.

32 If it were natural, though it is not, to have one man returned from the dead, this would be sought [for him] by every man of the host of [old] foreigners and bright Gaels.

33 If Elphin, [resting] place of his ancestors always and ever, were still in use, our dearest treasure would not be confined by you; the protection of poets is much the worse for [us losing] him.

34 'S dā mbeith se[i]pél taoibhgheal Torna
gan trasgairt le trén na nGall,
ann *bud*[h] dual an corp do choimhéd;
nar bhuan olc nā oiréd ann.

35 Sul do múchadh meadhair Ghaoidhiol
's a nglóir ghnáth nó gor ghabh lén,
do bhíadh éugnach ann fan ollamh;
barr ar éugcruth donnadh dér.

36 Míle bliadhan – ceart an chuimhne –
a ceathair, seasga is sé c[h]éd
ó ghein Dé go a oighidh úain[n]e,
gné roidhil far buaine ar mbéd.

37 Ní damh féin nach fachain orchra
easbuidh gach comthaigh rom c[h]ar;
tin*n*, gā ttás, dā thaoibh mo chridhe,
bás an aoin fa dile dhamh.

34 And if Torna's bright-sided chapel had not been cast down by the power of the [new] foreigners, that is where it would be right to keep the body; may neither evil nor great jealousy last there.

35 Before the joy of the Gaels was extinguished and before their usual glory became leavened by sadness, there would have been grieving over the ollav; reddening by tears distorts [the face] all the more.

36 One thousand, six hundred and sixty-four years, calculated correctly, [have passed] from God's birth to the departure from us in death of [this man with] a treasured face on account of whom our sorrow is most lasting.

37 The absence of every companion who loved me is a cause of sorrow to me, but my heart is sore because of the death of the one who was dearest to me.

36b. *Tā 1664 san imeall tar éis na líne seo (i lámh eile, b'fhéidir); 37b. easbu(?)idh, comhtaigh*

NÓTAÍ

2c. Cé go ndeirtear *ceann dā chineadh* le Muiris anseo, *ceann fine* i líne 19b agus *fear eagair* i líne 20c, níl sé i measc na 'tituladoes' a ainmnítear i ndaonáireamh 1659; féach 'Jno: Conry gent' agus 'Olin Conry gent' i bparóiste Chill Trostáin (Pender 1939: 577).

2d. Caithfidh gurb é an bás, a dhéanann foghail gan féachaint ar an uile dhuine, an *dligheadh dall* anseo.

3ab. Seans gurbh é athair Mhuiris an Brian Óg Ó Maoil Chonaire ar chóipeáil Míchéal Ó Cléirigh ó leabhar de chuid a chlainne (Jennings 1936: 72), ach

d'fhéadfadh seanathair Mhuiris a bheith i gceist freisin, agus féach gurb é Brian Óg a thugann an Dubháltach Mac Fir Bhisigh airsean (Ó Muraíle 2003, iml. 1, 402). Is dócha gurbh é an seanathair an 'Brian O Mulconre, of Clonplocan' a fuair pardún, thart ar 1583, is cosúil (*Fiants* §4240). Fuair sin-seanathair Mhuiris, Maoilín, Ollamh Síil Mhuireadhaigh, bás in 1519 (*Ann. Conn.*), agus fuair a athair siúd arís, Torna, Ollamh Síil Mhuireadhaigh, bás in 1468 (*Ann. Conn.*, agus féach Simms 1980 freisin). Tá a fhios againn ó fhoinsí eile (féach Walsh 1936: 836–7) gur mhac é an Torna sin (d'éag 1468) le Maoilín (d'éag 1441) mac Tanaidhe (d'éag 1385) mhic Pháidín Uí Mhaoil Chonaire.

4b. Anseo agus i línte 17c agus 27b, is dócha go gciallaíonn *Cruachain* Connachta ar fad. Tá Ráth Cruachan ('Rathcroghan') i mbaile fearainn Thobar Ruairí i bparóiste Ail Finn, Co. Ros Comáin (féach Ó Riain *et al.* 2016: 131–5).

4d. Tagairt do Theamhair agus, trithise, d'Éirinn ar fad is ea teach an trír (féach *eDIL* s.v. *tríar* (a)). Tá sé coitianta leis an mbrí seo san fhilíocht; féach, mar shampla, *IGT* II sampla 1409, *DiD* 93.25d, *ABM* 92.49c. Maidir le cérbh iad an triúr, féach *TD* 9.48 nóta.

5. Féach an chontrárthacht idir an chaoi a moltar Muiris anseo as bheith ar nós cuma liom faoi shaihbheas an tsaol agus an cáineadh cairdiúil a dhéantar ar a shin-seanathair i bhfógra báis sna hannála: *Maoilin mac Torna h. Maoilconoire ... fer do gheipedh seóid 7 maoíne o gac aon fora sireth, et dobheired-sium úadha co hanoirces an ni fogheiped*, 'Mailin son of Torna O Mailchonaire ... who used to get jewels and treasure from all of whom he sought them, and would illadvisedly give away what he received' (*Ann. Conn.* s.a. 1519.9).

Tá roinnt mhaith samplaí sa chorpas de *foighéag* (5d) sa chiall 'a small branch. In an appreciative metaphorical sense' (foclóirín *ORP* s.v. *foighég*) ag tagairt do dhaoine; féach, mar shampla, *ag sin foighéug re díol ndámh* (*ORP* 9.4c, 'behold a scion [renowned] for paying poets'); *a fhoighéag as aipche don fhíneamhain*, 'O ripest branch of that vineyard' (*AiD* 19.9c); *foighéag d'fhuigheal chuaine Cuinn*, 'this branch of the remnants of Conn's race' (*AiD* 25.11d); tá sé ag Muiris féin in *a fhoighég chnúais do chlíaraibh* (*ABM* 14.2d, 'O branch fruitful for poet bands'; táim buíoch de Bhrianán Ní Bhuachalla as an tagairt seo).

7b. Chuirfeadh athrú *fhuair* go *do-uair* líon na siollaí sa líne i gceart, mar a dúradh thuas sa réamhrá teanga, ach is dócha go bhfuil bealaí eile ann lena leasú.

7c. Tá blas na n-annála ar an líne seo; féach, mar shampla, *Muirghes mac Paittín uí mhaoilchonaire saoi lé seanchus, 7 lé filidheacht ... décc iar mbreith buadha ó dhemhan 7 ó dhomhan*, 'Maurice, the son of Paidin O'Mulconry, a man learned in history and poetry ... died, after having gained the victory over the Devil and the world' (*AFM* s.a. 1543).

7d. Is é sin, 'is cinnte go rachaidh sé ar neamh', glacaim leis.

8c. Tá brí *dá seasainn* ar anseo soiléir ón gcomhthéacs ach níl agam ach dornán beag samplaí de *seasaidh* ar ó théacsanna eile. Tá an bhrí an-litriúil sa tagairt

seo d'Íosa: *As é an chloch chuainne ar a seasann fundamuint na hEaghluisi go hiomlán* (Ó Súilleabháin 1972, línte 6215–7), aistriúchán ar ‘Lapis inquam angularis, super quem totius stant Ecclesiae fundamenta’ (Ó Súilleabháin 1972, lch 376); tá sí níos gaire don úsáid sa dán seo in *gan seasamh ar seanchas chlaon*, ‘did not rely on perverted versions of history’ (McKenna 1918, 16.65c, sampla a thugtar in *eDIL*, s.v. *sessam* (c)) agus *Mar soin as air sheasuigheas an Sacrament so an peacach do adamhail, & do ghearcán à pheacuidhe go hiomlán* (Stapleton lch 111, ‘Therefore, what this Sacrament depends on is the sinner admitting and condemning (?) his sins utterly’).

9d. Is é ‘it is the true foundation of what every knowledgeable man says’ an tuiscint litriúil ónar tháinig an t-aistriúchán thuas ar an líne seo. Brí eile a d’fhéadfaí a bhaint as an líne, mar a chuir an léitheoir anaithnid ar mo shúile dom, ná ‘he (Muiris) is the true foundation ...’.

13a. D’fhéadfadh sé bheith gur Gearaltaigh a díbríodh ó Cho. Chill Dara (an contae ina bhfuil Mullach Maistean) go ceantar Mhuiris san aistriú go Connachta sna 1650idí atá i gceist anseo; féach, mar shampla, na tailte a sannadh do Phiaras Mac Gearailt (Simington 1970: 244, 270). Chomh maith leis na ceithre dhán do Ghaeil a bhfuilimid cinnte gurbh é Muiris a n-údar (*ABM* 186, *ABM* 402, Mac Cárthaigh 2003, Walsh 1957: 152–5), is dócha gurbh é Muiris an *Muiris mac Briain Óig* (gan sloinne) a chum ceithre dhán do Lúcas Díolmhain (dánta 14, 88, 138 agus 221 in *ABM*); deirtear i bpéire acu sin (féach *ABM* 14.9d agus 88.8a) go bhfuil fuil na nGearaltach i Lúcas, ach ní móide gurb é sin atá i gceist anseo. Fuair sin-seanathair Mhuiris pátrúnacht ó na Gearaltaigh; féach *Maoilin mac Torna h. Maoilconoire ... fer do toghadur Geraltaig et Goill tar ollomnaib Erenn*, ‘Mailin son of Torna O Mailchonaire ... who had been chosen by the Fitz Gerald and the Galls from all the ollavs of Ireland’ (*Ann. Conn.* s.a. 1519.9).

13c. In áit *an ollaimh*, d’fhéadfaí a *n-ollaimh* a léamh (‘... at their ollav’s death’), mar a rinneadh i líne 12c.

14a. Is ar éigean a bheadh an chiall litriúil ‘ordained, appointed’ (*eDIL* s.v. *oirndide* (a)) le *oirnidhe* anseo chomh deireanach seo sa 17ú haois.

15a. Is é sin, crann taca mhuintir Mhaoil Chonaire, áitritheoirí Chluain Bolcáin ón mbliain 1232 i leith; féach *Maeleoin Bodur h. Maelchonare do gabail Cluana Bolcain in hoc anno*, ‘Maeleoin Bodar (the Deaf) O Mailchonaire took Cluain Bolcain this year’ (*Ann. Conn.* s.a. 1232.10). Deir Connellan (1958: 323–6) agus Ó Riain *et al.* (2013: 92) gurbh ionann an áit seo agus Baile Uí Mhaoil Chonaire agus gur i bparóiste Chill Trostáin a bhí sí.

16a. Tá *dorcha* sa chiall ‘enigmatic’ coitianta go leor sa chorpas, agus féach ‘Fig. not clear, obscure’ (*eDIL* s.v. *dorchae* I (b)). Níl ach sampla amháin eile agam de *leabhar dorcha* i ndán: *Budh léaghthóir leabhar ndorcha / ag sin cuid dá chomhortha / rug an fithleóir geall an ghrinn / sgribhneóir dob fherr a nÉirinn* (*ABM* 65.6; ag léamh *fighleóir*: ‘He was a reader of difficult books: that is part of what distinguished him; this skilled man was great fun [and] the best writer in

Ireland'). Moltar Muiris mac Torna Uí Mhaoil Chonaire freisin mar scríbhneoir is mar léitheoir: *Sgríbhneóir ná léghthóir dar linn / dob annamh mar é a nÉirinn, / fuair tréidhe gan chruas gcroidhe –/ léire is luas gan lochtuidhe*, 'For lucidity and faultless speed I think a writer or reader like him was rare in Ireland; he developed qualities without becoming hardhearted' (Ó Muireadhaigh 1974, rann 14).

16b. Níl aon tagairt eile agam do Ghráinne, máthair Mhuiris.

16c. Bheadh ciall freisin le *frémh don fhoghlum* na LSe, ach (mar a dúradh sa réamhrá) is chun uaim a chur ar fáil atá sé athraithe agam go *frémh dá foghlum*; ní ritheann aon slí eile liom le huaim a sholáthar.

16d. Ba litriúla an t-aistriúchán 'I will say something that is not a hardship for me'. Is dócha gur don chéad rann eile atá an file ag tagairt sa líne seo.

17d. Is chun líon na siollaí sa líne a cheartú a baineadh go, ó tá gach siolla eile deimhnithe ag comhardadh. An tuiscint a bhainim as an líne ná go bhfuil laochra Chonnacht ina luí san uaigh agus cogaí tar éis a líon a laghdú.

18a. Is ar mhaithe le líon na siollaí a cuireadh ['s] ar fáil anseo.

20c. Is le go mbeidh ciall leis an leathrann atá *ga* athraithe go *ga[n]* agam sa líne seo; b'fhéidir gur cailleadh n-fhleasc agus an dán á sheachadadh.

23b. Mar a dúradh sa réamhrá teanga, d'fhéadfaí an líne seo a athrú go *a gCluain S[h]eancha ní[or] s[h]eól gann*, 'were no strangers to Cluain Seancha', rud ab fheiliúnaí don chomhlhéacs, b'fhéidir. Tá bailte fearainn darb ainm Béarla 'Cloonshannagh' i bparóistí Chill Trostáin, Bhuimlinne agus Thearmann Bearaigh (féach Ó Riain *et al.* 2013: 148–9) agus tá ceann eile i bparóiste Chill Mhór (féach www.logainm.ie/ga/43025, a ceadaíodh 31 Iúil 2024) – paróistí atá buailte lena chéile nó an-ghar dá chéile. Is dócha nach baile fearainn ach baile biataigh atá i gceist le Cluain Seancha anseo, ámh. Féach go raibh tailte ag 'Maurice ô Mulconry' sa bhliain 1641 i bparóiste Chill Trostáin i mbailte fearainn 'Coyle Clough' agus 'Carrowgarry', an péire acu sin 'In Clonshannagh' (Simington 1949: 74). In ainmlathas an lae inniu, i bparóiste Chill Trostáin, ceanglaíonn baile fearann 'Corgarrow' baile fearainn 'Kilcloghera' le baile fearainn 'Cloonshannagh', iad uile le hais Loch na Bláthaí.

24d. Ceantar i gCo. na Gaillimhe is ea Magh Maoín, ach is dócha go seasann sé do Chúige Chonnacht uile anseo.

25c. Slí amháin le siolla sa bhreis a chur ar fáil sa líne seo (atá ró-ghearr) ná *ar [an] chláirsigh* a léamh, ach níl aon athrú déanta agam mar nach féidir bheith cinnte de gurbh é sin a bhí ag an bhfile a chéaduair.

26c. Tá an comhfhocail *rí(gh)fhear* (< *rí* + *fear*) coitianta go leor sa chorpas (féach, mar shampla, ABM 139.3c, 375.22a agus 498.1c) ach is é seo an t-aon sampla atá ar m'eolas ina dtagraíonn sé do Dhia.

26d. Is mar mhacalla ar *dréim re a aithribh* (25b) a thuigim *rígheadh rú* anseo.

27a. Brí eile a d'fhéadfadh a bheith le *aicme* anseo ná 'family' (féach *eDIL* s.v.).

27c. Is ar mhaithe le ciall na líne a cuireadh [a] ar fáil anseo.

28a. Ní bheadh caill ar *fos* anseo in áit *fós*, le haistriúchán ar nós 'May the man receive rest for his soul [and] a share of the glory of heaven ...'.

29a. Is léir gur leis an reilig atá an file ag caint anseo. Ní fheadar go baileach cén áit i gCill Trostáin ar cuireadh Muiris.

33. Níl baile Ail Finn ach cúpla ciliméadar slí soir ó Chluain Seancha agus tá paróistí dlí Ail Finn agus Chill Trostáin teorainn le teorainn lena chéile. De réir Annála Chonnacht, is in Ail Finn a cuireadh sin-sin-seanathair Mhuiris, Torna (*Ann. Conn.* s.a. 1468.11), a dheartháir siúd, Lochlainn (*Ann. Conn.* s.a. 1464.17), agus fear eile den teaghlach, Muirgheas (*Ann. Conn.* s.a. 1543.9). Is cosúil nach bhfuil áit a *aithriodh roimhe riamh* (33b) go hiomlán cruinn, áfach, óir is i gCill Bhearaigh a cuireadh athair an Torna sin, Maoilín (a fuair bás in 1441, *AFM*) agus a athairsean arís, Tanaidhe (a d'éag in 1385, *Ann. Conn.*). Deirtear in Annála Chonnacht gur faoi dhídean Dé, Naomh Pádraig agus San Proinsias a cuireadh Lochlainn in Ail Finn, agus miníonn Connellan (1958: 329) gur tagairt é sin d'eaglais Naomh Pádraig, a bhí faoi chúram na bProinsiasach, agus gur léir gur tosaíodh ar bhaill den teaghlach a adhlacadh ansin tar éis do na Proinsiasaigh teacht ann i lár na 15ú haoise. Deir Giblin (1988: 24) gur sa bhliain 1453 a fuair an t-ord seilbh oifigiúil ar eaglais Naomh Pádraig.

34a. I bhfianaise an rainn roimhe seo, glacaim leis gur in Ail Finn a bhí *se[i]pél taoibhgheal Torna*, agus seans freisin gurb é an Torna Ó Maoil Chonaire a cuireadh in Ail Finn in 1468 (féach an nóta roimhe seo) a shamhlaítear leis an séipéal (toisc gur ann a cuireadh é, b'fhéidir, nó toisc gur urraigh sé an séipéal ar chaoi éigin).

34b. De réir Giblin (1988: 24–5), leagadh eaglais Naomh Pádraig agus prióir-eacht na bProinsiasach in Ail Finn roimh an mbliain 1629 agus d'úsáid an t-easpag Protastúnach, Edward King, na clocha le teach cónaithe a thógáil dó féin.

34d. Mar 'great jealousy' atá *oiréd* arna aistriú, ach d'fhéadfaí a thuiscint mar 'fanaticism' freisin.

36c. Ó tharla nach bhfuil aon leid eile sa dán gur bás foréigneach a fuair Muiris, ní mar 'violent death' – an ghnáthbhri (féach *eDIL* s.v. *aided* (a)) – atá *oighidh* aistrithe agam ach mar 'death'.

GIORRÚCHÁIN

<i>ABP</i>	Eoin Mac Cárthaigh (ed.), <i>The Art of Bardic Poetry: A New Edition of Irish Grammatical Tracts I</i> (Dublin, 2014).
<i>AiD</i>	Lambert McKenna (ed.), <i>Aithdioghluim Dána</i> (Dublin, 1939 and 1940).

- Ann. Conn.* Alexander Martin Freeman (ed.), *Annála Connacht: The Annals of Connacht, A.D. 1224–1544* (Dublin, 1944).
- BST* Lambert McKenna (ed.), *Bardic Syntactical Tracts* (Dublin, 1944).
- Cat. ARÉ* Thomas F. O’Rahilly, Kathleen Mulchrone *et al.*, *Catalogue of Irish Manuscripts in the Royal Irish Academy*, 28 vols (Dublin and London, 1926–70).
- DiD* Láimhbheartach Mac Cionnaith (eag.), *Dioghluim Dána* (Baile Átha Cliath, 1938).
- Fiants* *The Irish Fiants of the Tudor Sovereigns During the Reigns of Henry VIII, Edward VI, Philip & Mary, and Elizabeth I*, 4 vols (Dublin, 1994).
- LClAB* Tadhg Ó Donnchadha (eag.), *Leabhar Cloinne Aodha Buidhe* (Baile Átha Cliath, 1931).
- ORP* James Carney (ed.), *Poems on the O’Reillys* (Dublin, 1950).
- PB* Lambert McKenna (ed.), *Philip Bocht Ó hUiginn* (Dublin, 1931).
- Stapleton* *The ‘Catechismus’ of Theobald Stapleton* (An Bhruiséil 1639, macas. Baile Átha Cliath 1945).
- TD* Eleanor Knott (ed.), *The Bardic Poems of Tadhg Dall Ó hUiginn* (Dublin, 1922 and 1926).

TAGAIRTÍ

- BERGIN, OSBORN (ed.) 1931: *Trí Bior-ghaoithe an Bháis: The Three Shafts of Death* (Dublin).
- CONNELLAN, M. J. 1958: ‘Ballymulconry and the Mulconrys’, *The Irish Ecclesiastical Record* 90, 322–30.
- GIBLIN, CATHALDUS 1988: ‘The Franciscans in Elphin’, *Roscommon Historical and Archaeological Society Journal* 2, 23–9.
- JENNINGS, BRENDAN 1936: *Michael O Cleirigh, Chief of the Four Masters, and his Associates* (Dublin).
- MAC CÁRTHAIGH, EOIN (eag.) 2003: ‘Lúireach Chríod fan gCalbhach Ruadh’, *Celtica* 24, 130–9.
- , 2015: ‘Sléagar agus “genitives lenited in special circumstances” i bhfilíocht na scol’, in Caoimhín Breatnach agus Meidhbhín Ní Úrdail (eag.), *Aon don Éigse: Essays Marking Osborn Bergin’s Centenary Lecture on Bardic Poetry (1912)* (Baile Átha Cliath), 239–45.
- , (eag.) 2017: ‘Gofraidh Óg Mac an Bhaird cecinit: 3. As truagh cor chríche Banbha’, *Ériu* 67, 99–139.
- , (eag.) 2019: ‘Gofraidh Óg Mac an Bhaird cecinit: 4. Do toirneadh ceannas chlann gCuinn’, *Ériu* 69, 81–125.
- McKENNA, LAMBERT (ed.) 1918: *Iomarbhágh na bhFileadh: The Contention of the Bards*, 2 vols (London).
- McMANUS, DAMIAN 2012: ‘Varia II. The ainm coimhleanamhna’, *Ériu* 62, 189–95.
- , 2019: ‘Early modern Irish miscellanea’, *Ériu* 69, 155–70.

- Ó Cuív, BRIAN 1976: 'The Irish language in the early modern period', in T. W. Moody, F. X. Martin and F. J. Byrne (eds), *A New History of Ireland*, vol. 3, *Early Modern Ireland 1534–1691* (Oxford), 509–45.
- O'KEEFE, JAMES G. (ed.) 1912: 'A portrait', in Osborn Bergin and Carl Marstrander (eds), *Miscellany Presented to Kuno Meyer* (Halle), 246–9.
- Ó MUIREADHAIGH, RÉAMONN (eag.) 1974: 'Marbhna ar Mhuiris mac Torna Uí Mhaolchonaire', *Éigse* 15/3, 215–21.
- Ó MURAÍLE, NOLLAIG (ed.) 2003: *Leabhar Mór na nGenealach: The Great Book of Irish Genealogies compiled (1645–66) by Dubhaltach Mac Fhirbhisigh*. 5 vols (Dublin).
- Ó RIAIN, PÁDRAIG, Ó MURCHADHA, DIARMUID agus MURRAY, KEVIN 2013: *Foclóir Stairiúil Áitainmneacha na Gaeilge*, fascúl 5 (*Clais an Chairn–Cnucha*) (Londain).
- Ó RIAIN, PÁDRAIG, MURRAY, KEVIN agus NIC CÁRTHAIGH, EMMA 2016: *Foclóir Stairiúil Áitainmneacha na Gaeilge*, fascúl 6 (*Cóbh–Cutloch*) (Londain).
- Ó SÚILLEABHÁIN, PÁDRAIG (eag.) 1972: *Buaidh na Naomhchroiche* (Baile Átha Cliath).
- PENDER, SÉAMUS (ed.) 1939: *A Census of Ireland, circa 1659* (Dublin).
- SIMINGTON, ROBERT C. (ed.) 1949: *Books of Survey and Distribution*, iml. 1, *County of Roscommon* (Dublin).
- , (ed.) 1970: *The Transplantation to Connacht: 1654–58* (Dublin).
- SIMMS, KATHARINE 1980: '“Gabh umad a Fheidhlimidh” – a fifteenth century inauguration ode?', *Ériu* 31, 132–45.
- WALSH, PAUL 1936: 'The learned family of O Maelchonaire', *The Catholic Bulletin* 26, 835–42.
- , (ed.) 1957: *Beatha Aodha Ruaidh Uí Dhomhnaill*, vol. 2 (Dublin).

EOIN MAC CÁRTHAIGH

Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath